# DÁIL ÉIREANN

**AN COINBHLEACHT IN IOSRAEL AGUS SA CHRÍOCH PHALAISTÍNEACH FAOI FHORGHABHÁIL**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 24ú lá seo d'Eanáir, 2024.

**CONFLICT IN ISRAEL AND THE OCCUPIED PALESTINIAN TERRITORY**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 24th day of January, 2024.

Seán Ó Fearghaíl

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:
For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

an imní mhór atá uirthi a chur in iúl mar gheall ar an gcor in Gaza, atá ag dul in olcas go leanúnach, agus ar an tubaiste ó thaobh an daonchairdis de atá mar thoradh air agus ina bhfuil os cionn 24,000 duine básaithe, na mílte daoine ar iarraidh, 1.9 milliún duine asáitithe, agus léirscrios imeartha ar thithíocht agus ar bhonneagar ríthábhachtach, lena n-áirítear saoráidí oideachais;

a chur in iúl gur doicheall léi neamhdheimhneacht an tsoláthair bia atá ar scála ollmhór ann, go bhfuil gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe (UN) ag tabhairt rabhadh faoin ngorta atá ar tí a bheith ann agus a dhéanfaidh dochar do 40,000 duine, go bhfuil an córas sláinte i gcodanna móra de Gaza nach mór tite as a chéile, go bhfuil 65 faoin gcéad de na hospidéil dúnta anois agus go bhfuil an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) ag tabhairt rabhadh faoi na daoine a bheidh ag fáil bháis go forleathan mar gheall ar ghalair inchoiscthe;

an bombardú leanúnach ar Gaza a cháineadh;

aird a tharraingt ar an ngá le rochtain iomlán, shábháilte agus gan bhac, chun gur féidir le gníomhaireachtaí NA agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOanna) cúnamh daonchairdis a sheachadadh;

a éileamh go scaoilfear saor láithreach gan chomha gan choinníoll na giall go léir atá á gcoinneáil ag Hamas agus ag grúpaí armtha eile in Gaza, agus go gcuirfear stop le scaoileadh roicéad go neamh-idirdhealaitheach ó Gaza isteach in Iosrael;

béim a leagan ar an imní mhór atá uirthi mar go bhfuil an cor sa Bhruach Thiar agus in Iarúsailéim Thoir ag dul in olcas go leanúnach, agus gur ábhar imní go háirithe an foréigean atá á dhéanamh ag roinnt lonnaitheoirí Iosraelacha ar phobail Phalaistíneacha, agus go bhfuil an ruaig curtha ar na pobail Phalaistíneacha chéanna;

na fógraí is déanaí ó Iosrael maidir le tuilleadh maoinithe i gcomhair lonnaíochtaí neamhdhleathacha, ar sárú ar an dlí idirnáisiúnta iad agus a bhaineann an bonn den réiteach dhá stát, a cháineadh;

That Dáil Éireann:

expresses its deepest concern at the continued deterioration of the situation in Gaza and the resulting catastrophic humanitarian disaster with over 24,000 dead, thousands missing, 1.9 million people displaced, and massive destruction of housing and vital infrastructure, including education facilities;

deeply deplores the major food insecurity on a massive scale, with United Nations (UN) agencies warning of imminent famine which will affect 400,000 people, the near collapse of the health system in large parts of Gaza with 65 per cent of hospitals now shut and the World Health Organisation (WHO) warning of widespread death from preventable diseases;

condemns the ongoing bombardment of Gaza;

highlights the urgent need for full, safe, and unhindered access for the delivery of humanitarian aid by UN agencies and Non-Governmental Organisations (NGOs);

demands the immediate and unconditional release of all hostages held by Hamas and other armed groups in Gaza, and the cessation of indiscriminate rocket fire from Gaza into Israel;

underlines its deep concern at the continued deterioration of the situation in the West Bank and East Jerusalem, particularly the violence against, and displacement of, Palestinian communities by some Israeli settlers;

condemns the recent Israeli announcements of further funding for illegal settlements, which are a breach of international law and undermines the two-state solution;

a thabhairt dá haire:

— imeachtaí na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (ICJ) a thionscain an Afraic Theas faoin gCoinbhinsiún um Chinedhíothú, agus na héisteachtaí a seoladh an tseachtain seo caite lena ngabhann na páirtithe sa chás seo;

— na hábhair imní a chuir réimse Stát agus eagraíochtaí in iúl maidir le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonchairdiúil idirnáisiúnta sa choinbhleacht achrannach tubaisteach seo;

— an dá chás eile agus na himscrúduithe atá ar siúl go leanúnach i leith Iosrael agus na Palaistíne, lena n-áirítear an tuairim chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (ICJ) faoi na hiarmhairtí dlíthiúla a eascraíonn ó bheartais agus ó chleachtais Iosrael sa Chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir; agus an t-imscrúdú leanúnach atá á sheoladh ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC) maidir leis an gcor sa Phalaistín, atá dírithe ar na coireanna cogaidh agus na coireanna in aghaidh na daonnachta a d'fhéadfadh a bheith déanta ó 2014, agus lena n-áirítear an méid a tharla an 7 Deireadh Fómhair agus gach gníomh a rinneadh ón dáta sin;

— go ndearna Éire idirghabháil os comhair ICJ sa chás a thionscain an Úcráin i gcoinne na Rúise agus, ina theannta sin, gur ghlac sí páirt sa dá chás tuairime comhairlí a bhaineann le gníomhartha Iosrael sa Phalaistín, in 2004 agus 2023; agus

— nach dtionscnaíonn Stáit tríú páirtí idirghabhálaithe i gcásanna den sórt sin ach amháin i gcás go bhfuil an Chúirt tar éis a hordú i dtaobh réamhbheart a dhéanamh agus go bhfuil an t-iarratasóir tar éis meabhrachán a chomhdú, gníomh a bhfuil baint aige leis an ordú ón gCúirt, agus gur chóir go mbeadh idirghabhálaithe den sórt sin bunaithe ar an anailís is gá a dhéanamh ar bheartas agus ar an dlí;

fáilte a chur roimh na nithe seo a leanas:

— an ranníoc saorálach breise €3 mhilliún a thug an Rialtas do ICC chun go mbeadh

notes:

— the International Court of Justice (ICJ) proceedings instituted by South Africa under the Genocide Convention, and the hearings last week involving the parties to this case;

— the concerns expressed by a range of States and organisations regarding breaches of international law, including international humanitarian law in this fraught and catastrophic conflict;

— the two other cases and investigations ongoing in respect of Israel and Palestine, including the ICJ advisory opinion on the legal consequences arising from the policies and practices of Israel in the occupied Palestinian Territory, including East Jerusalem; and the ongoing investigation by the Prosecutor of the International Criminal Court (ICC) of the situation in Palestine, focused on potential war crimes and crimes against humanity since 2014 and includes the events of 7th October and all actions since that date;

— that Ireland intervened before the ICJ in the case taken by Ukraine against Russia, in addition to participating in the two advisory opinion cases related to Israeli actions in Palestine, in 2004 and 2023; and

— that third-party State interventions in such cases only take place after the Court has made its order on preliminary measures and the associated filing of a memorial by the applicant and should be based on necessary legal and policy analysis;

welcomes:

— the Government's additional voluntary contribution of €3 million to the ICC, to

acmhainní leordhóthanacha ar fáil i gcomhair na gcásanna go léir atá os comhair na Cúirte, lena n-áirítear an Phalaistín; agus

— an pháirt a ghlac Éire ag leibhéal an Ard-Aighne in imeachtaí ó bhéal i gcás tuairime comhairlí ICJ i mí Feabhra sa Háig;

— a chomhaontú go gcaithfear go mbeidh sé mar mhórthosaíocht de chuid an Rialtais cur ar son stop láithreach leis an mbás agus leis an léirscrios in Gaza agus gníomhartha iomchuí a dhéanamh chuige sin; agus

a chomhaontú:

— go n-éileoidh sí gur chóir go mbeadh rochtain iomlán shábháilte ar Gaza, agus gur chóir nach mbeadh aon bhac ar an rochtain sin, agus go dtacóidh sí le NA agus iad ag déanamh iarracht an líon earraí daonchairdis atá ag dul isteach in Gaza a mhéadú;

— go dtabharfaidh sí tacaíocht d'aon bhreith a thabharfaidh ICJ maidir le réamhbhearta, ar bearta críochnaitheacha iad agus ar bearta iad a bheidh ina gceangal ar na páirtithe lena mbaineann, agus go ndéanfaidh sí a thathant ar gach páirtí sa Choinbhinsiún um Chinedhíothú déanamh amhlaidh freisin;

— go ndéanfaidh sí dianmhachnamh ar idirghabháil a dhéanamh sa chás idir an Afraic Theas agus Iosrael ag ICJ, mar ábhar práinneach tar éis don Chúirt a hordú i dtaobh réamhbheart a dhéanamh agus tar éis don Afraic Theas a meabhrachán sa chás sin a chomhdú, arb éard atá ann an t-aon phróiseas cuí amháin chun déanamh amhlaidh agus go gcloífear leis an anailís is gá a dhéanamh ar bheartas agus ar an dlí;

— go leanfaidh sí ar aghaidh de bheith ag leagan béim ar neamhspleáchas agus ar neamhchlaontacht ICC agus go dtabharfaidh sí tacaíocht don obair a dhéanann ICC; go n-éileoidh sí ar gach Stát, cibé acu is páirtithe i Reacht na Róimhe iad nó nach ea, comhoibriú le himscrúdú ICC ar an gcor sa Phalaistín agus in Iosrael; agus

— go stiúrfaidh sí iarrachtaí ag leibhéal an Aontais Eorpaigh chun córas smachtbhannaí a chur ar bun i gcoinne lonnaitheoirí

adequately resource all situations before the Court, including Palestine; and

— the planned participation by Ireland at the level of the Attorney General in oral proceedings in the ICJ advisory opinion case in February in The Hague;

agrees that the overwhelming priority of the Government must be to advocate for an immediate stop to the death and destruction in Gaza and take relevant actions to this end; and

agrees to:

— insist on full, safe, and unhindered humanitarian access to Gaza and support the UN in their efforts to increase the flow of humanitarian goods into Gaza;

— support any decision of the ICJ on preliminary measures, which are final and binding on the parties concerned, and urge all parties to the Genocide Convention to also do so;

— strongly consider an intervention in the South Africa v Israel case at the ICJ, as a matter of urgency after the Court has made its order on preliminary measures and the filing by South Africa of its memorial in the case, which is the only appropriate process to do so and following the necessary legal and policy analysis;

— continue to underline the independence and impartiality of the ICC and to support its work; insist that all States, whether they are parties to the Rome Statute or not, cooperate with the ICC investigation into the situation in Palestine and Israel; and

— drive efforts at European Union level to institute a sanctions regime against violent settlers in the West Bank who are attacking

foréigneacha sa Bhruach Thiar atá ag déanamh ionsaithe ar phobail Phalaistíneacha agus á n-asáitiú, agus idirdhealú á dhéanamh idir Iosrael féin agus na lonnaíochtaí neamhdhleathacha atá neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta.

and displacing Palestinian communities, differentiating between Israel itself and the illegal settlements that are illegal under international law.